PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

pdst.ie

Seisiúin Thacaíochta do Mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile - Mí an Mhárta 2022

Reáchtálfaidh Foireann na Gaeilge PDST **dhá Sheisiún Tacaíochta** ar líne do mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile i rith Mhí an Mhárta 2022. Tabharfar deis do mhúinteoirí Gaeilge teacht le chéile, plé a dhéanamh agus dea-chleachtas a roinnt ar a chéile i rith na seisiún tacaíochta seo.

Is féidir clárú do na seisiúin thacaíochta ar **www.pdst.ie/onlinebooking.**
Caithfear clárú do gach seisiún ceann ar cheann.

Seisiún Tacaíochta
Scileanna Teanga a Fhorbairt tríd an Litríocht **Dáta: 2 Márta 2022** **Am: 7.30 in.**

Sa seisiún tacaíochta seo, tabharfar deis do mhúinteoirí teacht le chéile faoi stiúir chomhairleora le dea-chleachtas maidir le múineadh litríochta a phlé. Díreofar ar straitéisí teagaisc agus foghlama spreagúla. Plépfar na féidearthachtaí atá ann an litríocht a úsáid mar fheithicil chun na scileanna teanga a fhorbairt.

Seisiún Tacaíochta
Cruinneas **Dáta: 9 Márta 2022** **Am: 7.30 in.**

Sa seisiún tacaíochta seo, roinnfear straitéisí éifeachtacha, praiticiúla chun cruinneas na Gaeilge agus feasacht teanga na scoláirí a fhorbairt. Faoi stiúr chomhairleora, tabharfar deis do na rannpháirithe straitéisí a phlé agus dea-chleachtas a roinnt ar a chéile.

Beidh teorann ar líon na ndaoine a bheidh in ann freastal ar na seisiúin thacaíochta. Mairfidh na seisiúin ar fad thart ar uair an chloig. Beidh béim ar dhea-chleachtas a roinnt. Táimid ag tnúth go mór leis an gcomhrá.

Seol ríomhphost chuig onlinebooking@pdst.ie má tá aon deacracht agat clárú do na seisiúin thacaíochta.